Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 8 Eanáir 2024
(OR. en)

16970/23
ADD 1
LIMITE
PV CONS 71
ENV 1526
CLIMA 664

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(an Comhshaol)

18 Nollaig 2023

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**6. (a) Tuarascálacha ar na príomhchruinnithe idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí**

**(i) An 28ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gComhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP 28) (Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an 30 Samhain go dtí an 12 Nollaig 2023)**

PUBLIC

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

**(ii) An cúigiú seisiún den Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Ceimiceán (ICCM5) (Bonn, an Ghearmáin, an 25 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023)** 16739/23

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

**(iii) An cúigiú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe (COP 5) i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair (an Ghinéiv, an Eilvéis, an 30 Deireadh Fómhair go dtí an 3 Samhain 2023)** 16740/23

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

**(iv) An tríú seisiún den Choiste Caibidlíochta Idir-rialtasach (INC-3) chun Ionstraim Idirnáisiúnta maidir le Truailliú Plaisteach, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, a fhorbairt (Nairobi, an Chéinia, an 13 go dtí an 19 Samhain 2023)** 16713/23

*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

**(g) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta**

*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg ar fáil.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 16672/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus le dlí príomha, prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar luach bunúsach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, déanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú mar thagairt do 'gnéas' sa *Mholadh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip.*

Thairis sin, dearbhaíonn an Ungáir gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún i dtaca le 'Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025', dá dtagraítear sa *Mholadh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip*, gur cheart an teachtaireacht sin a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar na hinniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Todhchaí na hEorpa: togra ó Pharlaimint na hEorpa de bhun Airteagal 48(2) CAE**<br>*Tarchur chuig an gComhairle Eorpach agus fógra a thabhairt do na parlaimintí náisiúnta* |

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Dá gcuirfí tús le hathbhreithniú ar na Conarthaí sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, lagófaí aontacht an Aontais Eorpaigh agus d'athrófaí ár bhfuinneamh polaitiúil ó dhúshláin phráinneacha eile. I bhfianaise dinimic pholaitiúil dhothuartha sna Ballstáit, d'fhéadfadh géarchéim thromchúiseach laistigh den Aontas a bheith mar thoradh ar an Aontas a bheith rannpháirteach i bpróiseas dian agus deighilteach chun na Conarthaí a leasú. Anuas air sin, d'fhéadfadh sé moill a chur ar aontachas Ballstát nua, a ndearna an tAontas gealltanais thábhachtacha ina leith ag an gComhairle Eorpach dheireanach an 14-15 Nollaig, 2023.

Cuireann an Pholainn in iúl gur ghlac Parlaimint na hEorpa na tograí chun na Conarthaí a leasú an 22 Samhain trí thromlach cúng agus nach dtugtar leo aghaidh ar fhíor-riachtanais an Aontais Eorpaigh. Ní fheabhsódh ná ní neartódh an t-athchóiriú institiúideach radacach an tAontas, ach d'fhéadfaí é a úsáid chun míshásamh i leith an Aontais agus an Iarthair a spreagadh sna Ballstáit agus sna tíortha is iarrthóirí, atá gan cosaint go háirithe ar bhréagaisnéis ó thríú tíortha.

Is é an ról ba cheart a bheith ag an gComhairle Eorpach fáil réidh leis na hábhair imní sin agus gníomhú go freagrach i bhfianaise na ndúshlán atá ann faoi láthair, go háirithe an fogha leanúnach atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin.'



PUBLIC